Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2024/2590

30.9.2024

**CINNEADH (CBES) 2024/2590 ÓN gCOISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA**

**an 24 Meán Fómhair 2024**

**lena gcuirtear síneadh le sainordú Cheann an Aonaid Shibhialtaigh Ceannais agus Tacaíochta de chuid Thionscnamh Slándála agus Cosanta an Aontais Eorpaigh mar thaca le tíortha na hAfraice Thiar i Murascaill na Guine (EUSDI/2/2024)**

TÁ AN COISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 38 de,

Ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2023/1599 ón gComhairle an 3 Lúnasa 2023 maidir le Tionscnamh Slándála agus Cosanta an Aontais Eorpaigh mar thaca le tíortha na hAfraice Thiar i Murascaill na Guine ([1]), agus go háirithe Airteagal 3(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 3(1) de Chinneadh (CBES) 2023/1599, d'údaraigh an Chomhairle don Choiste Polaitiúil agus Slándála, i gcomhréir le hAirteagal 38 den Chonradh, na cinntí ábhartha a dhéanamh chun rialú polaitiúil agus treoir straitéiseach Thionscnamh Slándála agus Cosanta an Aontais Eorpaigh mar thaca le tíortha na hAfraice Thiar i Murascaill na Guine ('an Tionscnamh') a fheidhmiú, lena n-áirítear cinntí maidir le Ceann an Aonaid Shibhialtaigh Ceannais agus Tacaíochta a cheapadh.

(2) An 17 Deireadh Fómhair 2023, ghlac an Coiste Polaitiúil agus Slándála Cinneadh (CBES) 2023/2223 ([2]), lena gceaptar Philippe CHEVET mar Cheann an Aonaid Shibhialtaigh Ceannais agus Tacaíochta de chuid an Tionscnaimh ón 20 Deireadh Fómhair 2023 go dtí an 19 Deireadh Fómhair 2024.

(3) An 17 Iúil 2024, mhol Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála go gcuirfí síneadh le sainordú Philippe CHEVET mar Cheann an Aonaid Shibhialtaigh Ceannais agus Tacaíochta de chuid an Tionscnaimh ón 20 Deireadh Fómhair 2024 go dtí an 10 Nollaig 2025.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirtear síneadh le sainordú Philippe CHEVET mar Cheann an Aonaid Shibhialtaigh Ceannais agus Tacaíochta de chuid Thionscnamh Slándála agus Cosanta an Aontais Eorpaigh mar thaca le tíortha na hAfraice Thiar i Murascaill na Guine ón 20 Deireadh Fómhair 2024 go dtí an 10 Nollaig 2025.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 24 Meán Fómhair 2024.

*Thar ceann an Choiste Pholaitiúil agus Slándála*

*An Cathaoirleach*

D. PRONK

---

([1]) IO L 196, 4.8.2023, lch. 25.

([2]) Cinneadh (CBES) 2023/2223 ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála an 17 Deireadh Fómhair 2023 maidir le Ceann an Aonaid Shibhialtaigh Ceannais agus Tacaíochta de chuid Thionscnamh Slándála agus Cosanta an Aontais Eorpaigh mar thaca le tíortha na hAfraice Thiar i Murascaill na Guine a cheapadh (EUSDI) (EUSDI/1/2023) (IO L, 2023/2223, 20.10.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2023/2223/oj).